A Mhuire, ag so mhé chugat

[Mac Niocaill, Gearóid: Duanaire Ghearóid Iarla (*Studia Hibernica*, 3, 1963, 7ff.), poem 19]

1 A Mhuire, ag so mhé chugat;
nárab é an turas aithreach.
Dlighim seach cách do ghuidhe:
gabh, a Mhuire, uaim taithleach.

2 A bhuime mhic na hóighe,
as mh'óige is tú do thoghas;
a Mhuire, a mháthair Íosa,
go dtí dhíotsa mo chobhar.

3 A dhoirseoir soillse nimhe,
a ghnúis is gile deallraidh,
a mháthair rí na cruinne,
fóir mhé, a Mhuire, ar gach teanntaidh.

4 A Eoin ler baisteadh Íosa,
fagh ionadh díona dhamsa;
fagh féin ón Mhac do bhaistis
gan deamhan d'fhaicsin mh'anma. A m.

5 A Eoin, ré ndubhairt Íosa,
"Bí id' mhac mhíolla do Mhuire,"
bí go díochra os mo chionnsa
is bíodh liomsa do ghuidhe. A m.

6 A Mhuire Mhagh-Dá-Léana,
ná leig mo shéana d'Íosa,
don fhior rug duit na breatha
's do thóg do pheacadh díotsa.

7 Guidhim thú, a Chaitir Fhíona,
a ua ríoghna agus ruire,
gabh ar th'ionchaibh uaim mh'anam,
gabh agam seach gach duine. A.

8 A Mhíchéil, gabh mo dheaslámh
dom breith ar cheartlár nimhe,
dom beith ag Críost 'na áras
is guidhe a mháthair linne. A

9 Adéar rem charaid díola -
Íosa dá gcromaid abhla -
"A rí na n-ógh 's na n-easpal,
gabh chugat................ ."

10 Adéar ’na dhiaidh rem mháthair
do ghnáthaigh ... agam:
“Mar bhí liomsa do bhunadh
gabhsa féin chugat mh’anam.”

11 Ó nach tig díom a dtachmang -
gach naomh i bparrthas nimhe -
a bhfuil fá Dhia is fá Mhuire
go raibh a nguidhe linne. A.

12 Gabh chugat mise, a Mhuire,
bím god’ ghuidhe go fada;
gan easbhaidh is gan imneadh
chugat mhé.................. .